

8. Léargas ar an nGaeilge trí na logainmneacha

Faighimid léargas ar an nGaeilge agus ar chuid den **stair** a bhaineann léi trí na logainmneacha.

Forlámhas na Gaeilge


Ba í an Ghaeilge an teanga ba láidre in Éirinn go dtí an t-ochtú haois déag. Sin an fáth a bhfuil **bunús** Gaeilge ag **formhór** na logainmneacha sa tír seo.

Focail chaomhnaithe

Athraíonn teangacha thar na blianta, mar shampla an ghramadach, an **litriú**, an **fuaimniú** agus an **stór focal**. Nuair a éiríonn a lán daoine as focail áirithe a úsáid imíonn na focail sin as úsáid de réir a chéile. Tá focail sna logainmneacha a bhí in úsáid nuair a cumadh na logainmneacha ach nach bhfuil in úsáid a thuilleadh. Caomhnaíonn na logainmneacha na focail sin. Seo roinnt samplaí:

Níl na focail seo coitianta sa Nua-Ghaeilge, nó tá cuid acu imithe as an gcaint. Mar sin féin tá siad fós beo sna logainmneacha:

Focal stairiúil	Nua-Ghaeilge	Brí	Logainmneacha samplacha
abhail	crann úll	apple-tree	Cluain Abhall / <i>Cloonoul</i> (Luimneach); Creagán na hAbhla / <i>Hundredacres</i> (Maigh Eo)
achadh	páirc	field	Achadh an Tobair / <i>Springfield</i> (Baile Átha Cliath); Cill Achaidh / <i>Killahy</i> (Cill Chainnigh)
bile	crann naofa	sacred tree	Bile / <i>Bellia</i> (An Clár); Bile Éadaí / <i>Billeady</i> (Muineachán)
cill	séipéal	church	Cill Chainnigh / <i>Kilkenny</i>
domhnach	séipéal	church	Domhnach Míde / <i>Donaghmede</i> (Baile Átha Cliath)
each	capall	horse	Cluain Each / <i>Clownagh</i> (Ard Mhacha); Poll an Eich Bhric / <i>Pollaneghbrick</i> (Ros Comáin)
fairche	deoise	diocese	An Fhairche / <i>Clonbur</i> (Gaillimh)
fiodh	coill	wood	Fiodh Dúin / <i>Fiddown</i> (Cill Chainnigh)
géis	eala	swan	Droim Géise / <i>Drumgaze</i> (Muineachán)
glas	sruthán	stream	Glas Naíon / <i>Glasnevin</i> (Baile Átha Cliath)
inis	oileán	island	Inis Caorach / <i>Inishkeeragh</i> (Dún na nGall); Inis Eoghain / <i>Inishowen</i> (Maigh Eo, Dún na nGall)
oireadh	talamh curaíochta	arable land	An tOireadh Bán / <i>Errybane</i> (Muineachán); Cill Oiridh / <i>Killerry</i> (Sligeach)
ros	coill nó ceann tíre	(wooded) height, wood, promontory	Ros Comáin / <i>Roscommon</i>
sabhall	scioból	barn	Sabhall Mór / <i>Saval More</i> (An Dún)
tamhlacht	reilig	burial place	Tamhlacht / <i>Tallaght</i> (Baile Átha Cliath)
trácht	trá	strand	Trácht / <i>Traught</i> (Gaillimh)



8. Léargas ar an nGaeilge trí na logainmneacha

Tionchar teangacha iasachta

Bhí tionchar ag teangacha eile ar an nGaeilge. Bhí teangacha éagsúla á labhairt ag na lonnaitheoirí a tháinig go hÉirinn, féach Aonad 5 agus Aonad 6. Is iad an Laidin, an Lochlannais, an Fhraincis, agus an Béarla na teangacha iasachta is mó a chuaigh i gcion ar an nGaeilge.

Tá an tionchar seo ó theangacha iasachta le feiceáil sna logainmneacha. Is de bhunús Laidine, Fraincise agus Béarla agus Gréigise na samplaí seo a leanas:

Gaeilge	Bunús
briotás 'palisade'	Fraincis 'bretesche'
spidéal 'hospital'	Fraincis 'spitèl'
séipéal 'church'	Fraincis 'chapelle', Béarla 'chapel'
buiríos 'borough (-town)'	Fraincis 'burgeis'
cúirt 'court, manor, palace'	Fraincis 'curt'
gráinseach 'grange, monastic farm'	Fraincis 'grange'
eaglais 'church'	Gréigis 'ekklesia'
díseart 'hermitage' (áit iargúlta ina mbíodh cónaí ar dhíthreabhach)	Laidin 'desertum'
domhnach 'church'	Laidin 'dominicum'
fairche 'a parish or monastic diocese'	Laidin 'paruchia'
sabhall 'barn'	Laidin 'stabulum'
scrín 'a shrine'	Laidin 'scrinium'
sráid 'street, village'	Laidin 'strata'
teampall 'church'	Laidin 'templum'
tearmann 'sanctuary'	Laidin 'terminus'
cill 'church'	Laidin 'cella'
mainistir 'monastery, abbey'	Laidin 'monisterium'
bachall 'crozier'	Laidin 'baculum'
baisleac 'church'	Laidin 'basilica'

Tagann a lán de na samplaí thuas ón Laidin. Bhí Éire faoi thionchar na Críostaíochta (féach Aonad a 4) agus ba í an Laidin teanga na Críostaíochta agus sin an fáth a raibh an oiread sin tionchair aici ar an nGaeilge agus ar na logainmneacha.

Canúintí

Is ionann 'canúint' agus an bealach a labhraíonn daoine laistigh de cheantar áirithe. Trí phríomhchanúint atá againn sa Ghaeilge – canúint an Tuaiscirt (Gaeilge Uladh), canúint an Iarthair (Gaeilge Chonnacht) agus canúint an Deiscirt (Gaeilge na Mumhan). Tá difríochtaí le tabhairt faoi deara idir na canúintí éagsúla agus laistigh de na canúintí céanna, go háirithe maidir le foghraíocht, gramadach, leaganacha cainte agus **stór focal**.



8. Léargas ar an nGaeilge trí na logainmneacha

Foghraíocht

Is fianaise iad na logainmneacha ar chuid de na héagsúlachtaí atá le sonrú idir na canúintí ó thaobh na foghraíochta de.

Nuair a bhíonn dhá shiolla san fhocal leagann muintir an Deiscirt an bhéim ar an dara siolla (más guta fada atá ann). Leagann muintir an Tuaiscirt an bhéim ar an gcéad siolla, de ghnáth, mar a dhéanann muintir Chonnacht freisin.


Tá comhaid fuaimne ar logainm.ie, is treoir iad d'fhuaimniú na logainmneacha.

Éist leis na comhaid fuaimne seo a leanas ar logainm.ie. Léiríonn siad an pointe thuas. **Leid:** Tá uimhir ar leith ag gach áit ar logainm.ie agus is féidir na háiteanna thíos a chuardach de réir na n-uimhreacha sa chéad cholún. Mar shampla, cuir an uimhir 37119 sa bhosca cuardaigh ar leathanach baile logainm.ie agus cliceáil ar an gcnaipe in aice leis an mbosca. Is féidir éisteacht leis an bhfuaim trí chliceáil ar an gcnaipe roimh an logainm.

Uimhir na háite ar logainm.ie	Gaeilge	Béarla	Contae/Canúint
37119	An Doirín	Derreen	Maigh Eo/Gaeilge Chonnacht
22237	An Doirín	Derreen	Ciarraí/Gaeilge na Mumhan
19704	An Goirtín	Gorteen	Gaillimh/Gaeilge Chonnacht
49582	An Goirtín	Gorteen	Port Láirge/Gaeilge na Mumhan
20914	An Gabhlán	Gowlaun	Gaillimh/ Gaeilge Chonnacht
49299	An Gabhlán	Gowlaun	Port Láirge/Gaeilge na Mumhan

Fuaimníonn muintir Uladh 'cn', 'gn' agus 'mn' mar 'cr', 'gr' agus 'mr'. Déanann muintir Chonnacht an rud céanna (cnoc = croc; gné = gré; mná = mrá). Ní dhéanann muintir na Mumhan é seo, áfach, agus fuaimníonn siad an 'n'. Éist leis na comhaid fuaimne seo a leanas ar logainm.ie. Léiríonn siad an pointe thuas:

Uimhir na háite ar logainm.ie	Gaeilge	Béarla	Contae/Canúint
62446	<u>C</u> noc na Cora	Knocknacarry	Aontroim/Gaeilge Uladh
1165844	<u>C</u> noc na Cathrach	Knocknacarragh	Gaillimh/Gaeilge Chonnacht
1165822	<u>C</u> noc an tSráidbhaile	Stradbally Mountain	Ciarraí/Gaeilge na Mumhan



8. Léargas ar an nGaeilge trí na logainmneacha


Nuair a bhíonn ‘-amh’ nó in áiteanna ‘-adh’ ag deireadh focal, deir muintir Uladh ‘ú’ go minic ach deir siad ‘v’ agus ‘ow’ freisin. Deir muintir Chonnacht ‘ú’ go minic, go háirithe i dtuaisceart an Chúige, agus deir siad ‘v’ nó úsáideann siad guta neodrach ‘uh’, mar a chloistear sa chéad siolla den fhocal Béarla ‘belief’. Deir muintir na Mumhan ‘v’ do ‘-amh’ go minic agus ‘ch’ nó an guta neodrach do ‘-adh’. Éist leis na comhaid fuaimne seo a leanas ar logainm.ie. Léiríonn siad an pointe thuas:

Uimhir na háite ar logainm.ie	Gaeilge	Béarla	Contae / Canúint
14935	Cró na Madadh	<i>Croaghamaddy</i>	Dún na nGall/Gaeilge Uladh
19008	Gleann na Madadh	<i>Gleannamaddy</i>	Gaillimh/Gaeilge Chonnacht
36518	An Caladh	<i>Callow</i>	Maigh Eo / Gaeilge Chonnacht
34352	Oireadh	<i>Errew</i>	Maigh Eo / Gaeilge Chonnacht
2274	Oireadh	<i>Errew</i>	Tiobraid Árann / Gaeilge na Mumhan
58580	Seantalamh	<i>Shantallow</i>	Doire/Gaeilge Uladh
15181	Dún Damh	<i>Dunaff</i>	Dún na nGall/Gaeilge Uladh
22068	Currach na nDamh	<i>Curraghanav</i>	Ciarraí/Gaeilge na Mumhan
37165	Cluain Damh	<i>Cloondaf</i>	Maigh Eo/Gaeilge Chonnacht

Ainmneacha pearsanta agus sloinnte Gaelacha

Is minic a fhaighimid ainmneacha pearsanta agus sloinnte Gaelacha sna logainmneacha:

Gaeilge	Béarla (contae)	Ainm pearsanta	Sloinne
Cathair Dónall	<i>Caherdaniel</i> (Ciarraí)	√	
Lios Pádraig	<i>Lispatrick</i> (Corcaigh)	√	
Baile Mhic Pháidín	<i>Ballymacphadin</i> (Dún na nGall)		√
Ceathrúin Úna	<i>Carrownona</i> (Liatroim)	√	
Baile Ghearóid	<i>Garrettstown</i> (Corcaigh)	√	
Ceathrú Uí Raghallaigh	<i>Carrowreilly</i> (Sligeach)		√
Mír Mhichíl	<i>Meermihil</i> (Maigh Eo)	√	
Tobar Dálaigh	<i>Toberdaly</i> (Uíbh Fhailí)	√	
Droim Chonchúir	<i>Drumconor</i> (Liatroim)	√	
Caisleán Sheáin	<i>Castlejohn</i> (Tiobraid Árann)	√	
Carraig Aindí Mhóir	<i>Carrickandymore</i> (Dún na nGall)	√	
Ceathrú Mhic Lochlainn	<i>Carrowmaccloughlin</i> (Maigh Eo)		√
Baile Uí Mhurchú	<i>Murphystown</i> (Baile Átha Cliath)		√
Baile Mhic Ceallaigh	<i>Ballymacaula</i> (An Clár)		√
Carraig Sheáin Uí Éanú (tá ainm pearsanta agus sloinne sa logainm seo)	<i>Carrickshaneyainy</i> (Maigh Eo)	√	√
Gleanntán Mhic Cárthaigh	<i>Glantaunmacarthy</i>		√



CEAHTANNA

Freagair na ceisteanna agus líon na bearnaí

1. Cén teanga ba láidre in Éirinn go dtí an t-ochtú haois déag?

.....

2. Cé na teangacha iasachta is mó a chuaigh i gcion ar an nGaeilge?

.....

3. Cad is canúint ann?

.....

4. Scríobh na trí phríomhchanúint atá againn sa Ghaeilge:

.....

Rangú logainmneacha de réir téamaí

Cuir na logainmneacha seo a leanas sna colúin chearta sa tábla thíos de réir na dtéamaí lena mbaineann siad. Tá roinnt samplaí déanta.

Cluain Each	Gleann Pháidín	An Eaglais
Baile Dhónaill	Inis Meáin	Fíodh Dúin
An Spidéal	An tSráid	Teampall Phádraig

Focail ón tseanré atá caomhnaithe i logainmneacha	Focail de bhunús teangacha iasachta	Ainmneacha pearsanta agus sloinnte
Droim Bile	An Briotás Beag	Cruach Phádraig

Luaigh logainmneacha a bhfuil míreanna ar leith iontu

Tá an chéad cheann déanta. **Leid:** seo nasc chuig teoracha maidir le cuardach a dhéanamh ar shuíomh logainm.ie:


Gaeilge: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menulitem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=ga>

Béarla: <http://www.logainm.ie/Info.aspx?menulitem=about&contentTitle=help.cuardach&uiLang=en>

Leid: Bain triail as uimhir uatha, uimhir iolra, agus tuiseal ginideach na míreanna a chuardach chun teacht orthu ar www.logainm.ie. Is féidir na foirmeacha uatha, iolra agus ginidigh a lorg ar www.focal.ie nó i bhfoclóir.

Mar shampla, más é an mhír **cill** atá á lorg agat, cuardaigh na leaganacha seo a leanas:

- Cuardaigh 'cill' agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Cill Chainnigh**



CEAHTANNA

- Cuardaigh 'chill' mar a bheadh an mhír ar lorg an ailt agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **An Chill Mhór**
- Cuardaigh 'cille' mar a bheadh an mhír sa tuiseal ginideach agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Cnoc na Cille**
- Cuardaigh 'cealla' mar a bheadh an mhír san uimhir iolra agus gheobhaidh tú logainmneacha mar **Na Cealla Beaga**

Tar éis duit cuardach a dhéanamh, is minic a fheicfidh tú bosca aníos faoin mbosca cuardaigh. Anseo, gheobhaidh tú liosta ainmneacha eile sa tír atá cosúil leis an mhír/ainm a scríobh tú isteach. Má chuireann tú an mhír **cill** sa bhosca cuardaigh, gheobhaidh tú torthaí ach gheobhaidh tú tuilleadh torthaí má fhéachann tú sa bhosca aníos.

cill

»

Sráidainmneacha san áireamh

Cill Eaglaigh (1)

Foire nó Cill Eaglaigh/Wheery or Killagally
(paróiste dlí)
Uíbh Fhailí

Cill Eaglaigh/Killagally Glebe
(baile fearainn)
Uíbh Fhailí

cill

»

Sráidainmneacha san áireamh

Cill Eaglaigh (1)

Cill (t)Srianáin (1)

Cill Abáin (3)

Cill Abhaicín (3)

Cill Achaidh (10)

Cill Achaidh Ainglé (1)

Cill Achaidh an Tobair (1)

Cill Achaidh Bheag (1)

Cill Achaidh Dhubh (1)

Cill Achaidh Mhór (1)

Cill Achaidh Thiar (2)

Cill Achaidh Thoir (2)

Cill Adhgair (1)

Cill Aibhne (1)

Cill Aichidh (6)

Cill Aidhleach (5)

Cill Aifín (1)

Cill Aighne (2)

Cill Ailtín (1)

Cill Áine Duibhe (1)

Cill Airdrí (2)

Cill Airne (5)

Cill Airtrí (1)

Cill Aithnín (3)

Cill Ala (3)


Cill Alachtáin (3)

Cill Alaidh (2)

Cill an Anama (1)

Cill an Aonaigh (2)

Cill an Ardáin (2)



CEAHTANNA

1. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **bile** mar chuid de?

.....

2. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **fiodh** mar chuid de?

.....

3. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **inis** mar chuid de?

.....

4. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **abhall** mar chuid de?

.....

5. Scríobh logainm a bhfuil an mhír **tamhlacht** mar chuid de?

.....

6. Cén teanga bhunaidh atá sa mhír **spidéal**?

.....

7. Cén teanga bhunaidh atá sa mhír **eaglais**?

.....

8. Cén teanga bhunaidh atá sa mhír **diseart**?

.....

9. Cén teanga bhunaidh atá sa mhír **domhnach**?

.....

10. Is minic a fhaighimid ainmneacha pearsanta agus sloinnte Gaelacha sna logainmneacha. An féidir leat ainm pearsanta nó sloinne aon duine i do rang a aimsiú mar chuid de logainm?

.....

.....

.....

.....